

## Scéalta éagsúla

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal éagsúla. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail / fráasaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail / fráasaí ar dheis?

1. An Ceann Comhairle	a) <i>Social Security System</i>
2. Comhthionól	b) <i>drinking</i>
3. thacaigh	c) <i>coroner's inquest</i>
4. ceapachán	d) <i>The Speaker</i>
5. athchóiriú	e) <i>reform</i>
6. Córas Leasa Shóisialaigh	f) <i>appointment</i>
7. fáilte Uí Cheallaigh	g) <i>again</i>
8. ólachán	h) <i>Assembly</i>
9. an athuair	i) <i>generous welcome</i>
10. coiste cróinéara	j) <i>supported</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

**Ceist 2 (A)** Féach ar an tuairisc den dara huair agus cuir na focail ó cheist 1 thuas faoi na teidil chearta.

**Mitchel McLaughlin**

**Eolaithe Óga**

**Aibha Conroy**

**Ceist 2 (B)** Freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth gur rud suntasach é gur ceapadh Mitchel McLaughlin ina Cheann Comhairle sa Tuaisceart?
2. Cén fáth ar cuireadh fáilte mhór roimh Eimear Murphy agus Ian O'Sullivan?
3. Cé air a bhfuil an coiste cróinéara dírithe?

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc arís agus líon na bearnaí sa script. Déan iarracht gan féachaint siar ar cheist 1.

**VIFAX 13 Eanáir 2015**  
**Bunleibhéal**

Tá Mitchel McLaughlin Shinn Féin tofa ina Cheann \_\_\_\_\_ ar Ch\_\_\_\_\_ Thuaisceart Éireann. Is é Mitchel McLaughlin an chéad duine riamh ó Shinn Féin a ceapadh sa bpost. \_\_\_\_\_ an DUP lena ch\_\_\_\_\_ mar gur thacaigh Sinn Féin le beartais le h\_\_\_\_\_ a dhéanamh ar an gCóras \_\_\_\_\_. Bhí iarrthóirí curtha chun cinn ag an SDLP agus ag Aontachtaithe Uladh chomh maith.

Cuireadh fáilte \_\_\_\_\_ abhaile go Contae Chorcaí roimh eolaithe óga na bliana seo. Eimear Murphy agus Ian O'Sullivan as Coláiste Treasa i gCeann Toirc a bhuaigh an chéad duais lena dtionscnamh faoi \_\_\_\_\_ i measc déagóirí. Rachaidh an bheirt acu chun cinn anois go Milan na hIodáil do na babhtáí Eorpacha níos deireanaí sa mbliain.

Mórscéal an lae arís. Cuireadh tús \_\_\_\_\_ inniu le coiste \_\_\_\_\_ faoi bhás chailín sé bliana as Contae na Gaillimhe. Bhásaigh Aibha Conroy as Gabhla i gceantar Iorras Aintheach i gConamara in Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath, an ceathrú lá déag de mhí na Nollag, 2011.

**Ceist 4** '...an chéad duine...'

Líon na bearnaí sa bhosca leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal.

an chéad	<i>duine</i>		<i>áit</i>
an dara			
an tríú			
an ceathrú		<i>casadh</i>	
an cúigiú			
an séú			
an seachtú			
an t-ochtú			
an naoú			
an deichiú			

**Ceist 5** Bhí na briathra seo le cloisteáil sa mhír san aimsir chaite. Cum abairtí leis na briathra anois san aimsir chaite.

Tacaigh  
Tá (an briathar *bí*)  
Buaigh  
Básaigh

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go bhfuil Mitchel McLaughlin ceaptha ina Cheann Comhairle ar Stormont, dar leat?
2. Cén tábhacht a bhaineann le Comórtas na nEolaithe Óga, dar leat?
3. An bhfuil muintín agat as an gCóras Sláinte in Éirinn? Cén fáth?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	h	j	f	e	a	i	b	g	c

**Ceist 2 (A) agus Ceist 2 (B)**

Féach an script.

**Ceist 3**

Tá Mitchel McLaughlin Shinn Féin tofa ina Cheann **Comhairle** ar **Chomhthionól** Thuaisceart Éireann. Is é Mitchel McLaughlin an chéad duine riamh ó Shinn Féin a ceapadh sa bpost. **Thacaigh** an DUP lena **cheapachán** mar gur thacaigh Sinn Féin le beartais le **hathchóiriú** a dhéanamh ar an gCóras **Leasa Shóisialaigh**. Bhí iarrthóirí curtha chun cinn ag an SDLP agus ag Aontachtaithe Uladh chomh maith.

Cuireadh fáilte **Uí Cheallaigh** abhaile go Contae Chorcaí roimh eolaithe óga na bliana seo. Eimear Murphy agus Ian O'Sullivan as Coláiste Treasa i gCeann Toirc a bhuaigh an chéad duais lena dtionscnamh faoi **ólachán** i measc déagóirí. Rachaidh an bheirt acu chun cinn anois go Milan na hIodáile do na babhtáí Eorpacha níos deireanaí sa mbliain.

Mórscéal an lae arís. Cuireadh tús **an athuir** inniu le coiste **cróinéara** faoi bhás chailín sé bliana as Contae na Gaillimhe. Bhásaigh Aibha Conroy as Gabhla i gceantar Iorras Aintheach i gConamara in Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath, an ceathrú lá déag de mhí na Nollag, 2011.

**Ceist 4**

an chéad	<i>duine</i>	<b>ch</b> asadh	<i>áit</i>
an dara	<i>duine</i>	<i>cas</i> adh	<b>h</b> áit
an tríú	<i>duine</i>	<i>cas</i> adh	<b>h</b> áit
an ceathrú	<i>duine</i>	<i>cas</i> adh	<b>h</b> áit
an cúigiú	<i>duine</i>	<i>cas</i> adh	<b>h</b> áit
an séú	<i>duine</i>	<i>cas</i> adh	<b>h</b> áit
an seachtú	<i>duine</i>	<i>cas</i> adh	<b>h</b> áit
an t-ochtú	<i>duine</i>	<i>cas</i> adh	<b>h</b> áit
an naoú	<i>duine</i>	<i>cas</i> adh	<b>h</b> áit
an deichiú	<i>duine</i>	<i>cas</i> adh	<b>h</b> áit

**Ceist 5**

Tacaigh: *Thacaigh mo mháthair liom nuair a dúirt mé léi gur mhian liom bheith i mo dhochtúir.*

Tá (an briathar bí): *Bhí lár na cathrach plódaithe ag an deireadh seachtaine.*

Buaigh: *Chuir mé isteach ar chomórtas cócaireachta agus bhí iontas an domhain orm nuair a bhuaigh mé.*

Básaigh: *Bhásaigh mo sheanmháthair nuair a bhí mé ocht mbliana d'aois.*

**Ceist 6**

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

**Scéal 1**

Tá Mitchel McLaughlin Shinn Féin tofa ina Cheann Comhairle ar Chomhthionól Thuaisceart Éireann. Is é Mitchel McLaughlin an chéad duine riamh ó Shinn Féin a ceapadh sa bpost<sup>1</sup>. Thacaigh an DUP lena cheapachán mar gur thacaigh Sinn Féin le beartais le hathchóiriú a dhéanamh ar an gCóras Leasa Shóisialaigh. Bhí iarrthóirí curtha chun cinn ag an SDLP agus ag Aontachtaithe Uladh chomh maith.

**Scéal 2**

Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh abhaile go Contae Chorcaí roimh eolaithe óga na bliana seo. Eimear Murphy agus Ian O'Sullivan as Coláiste Treasa i gCeann Toirc a bhuaigh an chéad duais lena dtionscnamh<sup>2</sup> faoi ólachán i measc déagóirí. Rachaidh an bheirt acu chun cinn anois go Milan na hIodáile do na babhtáí Eorpacha níos deireanaí sa mbliain<sup>3</sup>.

**Scéal 3**

Mórscéal an lae arís. Cuireadh tús an athuir inniu le coiste cróinéara faoi bhás chailín sé bliana as Contae na Gaillimhe. Bhásaigh Aibha Conroy as Gabhla i gceantar Iorras Aitheach i gConamara in Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath, an ceathrú lá déag de mhí na Nollag, 2011.

---

<sup>1</sup> *sa phost* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, *sa bpost* a deirtear i gcanúint Chonnacht

<sup>2</sup> *tionscadal* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>3</sup> *sa bhliain* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, *sa mbliain* a deirtear i gcanúint Chonnacht